



An Bhruiséil, 18 Feabhra 2026
(OR. en)

6224/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0045(COD)

CODEC 203
SIMPL 10
ANTICI 17
ECOFIN 185
EF 30
DRS 2
COMPET 173
FIN 246
COH 23

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Ábhar: Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS
ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE,
(AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais
áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus ceanglais
áirithe i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach
(an chéad léamh)
– Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 27 Feabhra 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagail 50 agus 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Meitheamh 2025².

¹ 6596/25.

² IO C, C/2025/4212, 20.8.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2025/4212/oj>.

4. An 16 Nollaig 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún³. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa ceartúchán ar an seasamh sin a fhorghreas le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici an 10 Feabhra 2026, is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.
5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhu go n-aontaíonn sé leis sin agus mholadh don Chomhairle seasamh Parlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 66/25 é, a fhorghreas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Bheilg agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.
6. Má fhorghreasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

³ 17078/25.